

## “Scéalta le Spraioi”

Tá daltaí bunscoile ag staidéar sa bhaile faoi láthair de bharr srianta Covid 19 agus tá múinteoirí ag déanamh a sheacht ndícheall ag leanúint leis an soláthar do pháistí don chuid eile den scoilbhliain seo.

Tá modhanna nuálacha in úsáid i scoileanna ar fud na tíre agus nochtar tiomantas agus cruthaitheacht urghnách ó mhúinteoirí agus iad ag cuidiú le daltaí ina gcúram fanacht i dteagmháil le chéile, spéis a bheith acu go leantach san obair scoile agus dul chun cinn a dhéanamh ina bhfoghlaim ag an am seo.

Tá éacht déanta ag múinteoir amháin – Aislinn Ní Pháidín – agus togra iontach á chruthú aici mar thaca breise foghlama do pháistí. Mar mhúinteoir bunscoile atá i nGaelscoil, d’aithin Aislinn dúshláin roimh mhúinteoirí mar gheall ar fhíorbheagán acmhainní ar fáil as Gaeilge agus easpa deiseanna do pháistí an teanga a chloisteáil agus a labhairt sa bhaile. Tá sé seo deacair, go háirithe do leanaí atá ag freastal ar Gaelscoileanna lasmuigh de cheantair Gaeltachta agus dóibh síid nach bhfuil Gaeilge ag a dtuismitheoirí.

Chruthaigh Aislinn “**Scéalta le Spraioi**”, acmhainn teagaisc mar bhealach taitneamnach tacú le foghlaim sa bhaile trí mheán na Gaeilge . Le cúpla seachtain anuas tá **Scéalta le Spraioi** le fáil ar ardáin meán sóisialta (Facebook, Instagram agus Youtube) agus tá an tionscadal ag dul ó neart go neart. Léirítear an-chruthaitheacht ag cur trí fhíseán, dhá pháosa scéalaíochta, agus gníomhaíocht spraioiúil ar fáil gach seachtain.

Cuirfidh an togra seo le saibhriú na foghlama sa bhaile, agus beidh sé mar thaca breise foghlama do na daltaí agus a dtuismitheoirí le linn an tréimhse deacair seo.

Acmhainn soar in aisce atá i gceist agus is féidir breathnú ar fhísean le blaiseadh den mhéid atá le teacht ar <https://www.youtube.com/watch?v=qk6Yow33oBM>

